



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 31 Márta 2022  
(OR. en)

7796/22

---

**Comhad Idirinstitiúideach:  
2022/0096(COD)**

---

COH 26  
SOC 200  
CODEC 416

## TOGRA

---

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	31 Márta 2022
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 162 final
Ábhar:	Togra leasaithe le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 a mhéid a bhaineann le réamh-mhaoiniú méadaithe ó acmhainní REACT-EU

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 162 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 162 final



An Bhruiséal, 31.3.2022  
COM(2022) 162 final

2022/0096 (COD)

Togra leasaithe le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 a  
mhéid a bhaineann le réamh-mhaoiniú méadaithe ó acmhainní REACT-EU**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

#### • Forais agus cuspóirí an togra

Ghlac an Coimisiún Eorpach togra reachtach an 23 Márta 2022 chun Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013 agus (AE) Uimh. 223/2014 a leasú chun foráil a dhéanamh maidir le hathruithe eisceachtúla agus spriocdhírithé a sholáthar mar fhreagairt ar ionradh Chónaidhm na Rúise ar an Úcráin agus ar an tionchar a eascraíonn as sin ina dhiaidh sin ar an Aontas Eorpach agus ar roinnt dá réigiúin thoir go háirithe.

Bhí sé beartaithe leis an togra seo réamh-mhaoiniú tosaigh breise a sholáthar do chlár 2014-2020 a fhaigheann tacaíocht ó chistí beartais agus ón gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Diothaí (FEAD), rud a bhí le híoc faoi REACT-EU arna mhaoiniú ag an Ionstraim um Théarnamh an Aontais Eorpaigh 'NextGenerationEU'.

Tá gníomh déanta cheana ag an gCoimisiún chun cúnaimh a thabhairt do na Ballstáit maidir leis sin, trína thogra le haghaidh Gníomhaíocht Chomhtháthaithe do Dhídeanaithe san Eoraip (CARE) an 8 Márta 2022.

Ag an gcruinniú a bhí aici an 24-25 Márta 2022, phléigh an Chomhairle Eorpach ionsaí míleata na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus i gconclúidí an chruinnithe sin, d'iarr sí ar an gCoimisiún 'obair a dhéanamh ar thograí breise chun an tacaíocht ón Aontas a threisiú' chun 'a áirithiú go bhféadfar maoiniú ón Aontas le haghaidh dídeanaithe agus a n-óstaigh a shlógadh go gasta'.

Chun aghaidh a thabhairt ar an iarraidh sin, tá an togra seo á thabhairt chun cinn ag an gCoimisiún, lena leasaítear a thogra reachtach an 23 Márta 2022. Ós rud é go bhfuil úsáid a bhaint as 'roghanna costais simplithe' ar cheann de na modhanna is éifeachtaí chun maoiniú a shlógadh go gasta, rud a fhágann go bhfuil sé níos éasca agus níos tapúla cistí an bheartais chomhtháthaithe a chur chun feidhme agus, an tráth céanna, an t-ualach riaracháin a laghdú, cruthaítear costas aonaid nua leis an togra seo dá bhrí sin. Is féidir leis na Ballstáit an costas aonaid nua sin a úsáid chun maoiniú bhunriachtanais agus tacaíocht na ndaoine a dtugtar cosaint shealadach dóibh a éascú i gcomhréir le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle i ngach Ballstát ina bhfuil an duine sin i láthair. Féadfar an costas aonaid a úsáid ar feadh 13 seachtaine ar a mhéad san iomlán, ag tosú ón dáta a thagann an duine isteach san Aontas Eorpach.

#### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Tá an togra leasaithe i gcomhréir leis an gcreat foriomlán dlíthiúil a bunaíodh le haghaidh Chistí Struchtúrtha agus Infheistíochta na hEorpa agus níl de raon aige ach leasuithe spriocdhírithé agus eisceachtúla ar Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013 agus (AE) Uimh. 223/2014. Comhlánaítear leis an togra seo freisin an togra leasaithe roimhe sin a ghabhann leis an Rialachán seo faoi thogra CARE ón gCoimisiún an 8 Márta 2022 chomh maith le bearta eile arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar an staid reatha nach bhfacthas a leithéid cheana.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Níl i gceist leis an togra ach leasuithe spriocdhírthe eisceachtúla ar Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013 agus (AE) Uimh. 223/2014 agus tá sé comhsheasmhach le beartais eile de chuid an Aontais.

## **2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT**

- **Bunús dlí**

Tá an togra seo bunaithe ar Airteagal 175(3) agus Airteagal 177 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Ó tharla nach féidir leis na Ballstáit astu féin aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar na dúshláin a eascraíonn as an líon an-ard inimirceach atá ag teitheadh ón Úcráin agus gur fearr, dá bhrí sin, é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas foráil a dhéanamh maidir le méid méadaithe réamh-mhaoinithe a bheidh le híoc faoi REACT-EU agus foráil a dhéanamh maidir le costas aonaid nua atá ina rogha costais shimplithe, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

- **Comhréireacht**

Is athrú eisceachtúil agus spriocdhírthe é an togra nach dtéann thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir a bhaint amach i ndáil le foráil a dhéanamh maidir le méid méadaithe réamh-mhaoinithe a bheidh le híoc faoi REACT-EU agus foráil a dhéanamh maidir le costas aonaid nua a sholáthar chun tacú le bearta chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin imirce arb é ionsaí míleata Chónaidhm na Rúise is cúis leo agus chun an t-ualach comhfhreagrach ar bhuiséid phoiblí a mhaolú chun gur féidir ar an gcaoi sin infheistíochtaí a shlógadh mar fhreagairt ar an ngéarchéim sláinte poiblí fhorleathan lena ndéantar difear d'fhás réigiún.

- **An rogha ionstraim**

Rialachán an ionstraim iomchuí chun foráil a dhéanamh maidir le méid méadaithe réamh-mhaoinithe a bheidh le híoc faoi REACT-EU agus maidir le costas aonaid nua a bhfuil gá leis a chruthú chun aghaidh a thabhairt ar na himthosca seo nach bhfacthas a leithéidí riamh roimhe seo.

## **3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR**

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Leanann an togra plé ardleibhéil le hinstiúidí eile agus leis na Ballstáit. Níl gá le comhairliúchán poiblí ós rud é nach bhfuil aon ghá le measúnú tionchair.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní bhaineann le hábhar

- **Measúnú tionchair**

Rinneadh measúnú tionchair chun an togra reachtach a ullmhú le haghaidh Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013 agus (AE) Uimh. 223/2014. Maidir leis an athrú spriocdhírthe seo atá ann faoi láthair chun freagairt do chás criticiúil, ní gá measúnú tionchair ar leithligh a dhéanamh air.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar

- **Ceartha bunúsacha**

Ní bhaineann le hábhar

#### **4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA**

Ní aon athrú ar leithreasuithe gealltanais faoi CAI 2021-2017 i gceist leis an modhnú atá beartaithe ar thogra ón gCoimisiún an 23 Márta 2022.

Leis an gcostas aonaid nua a úsáid, d'fhéadfaí dlús a chur le heisiócaíocht na gcistí.

#### **5. EILIMINTÍ EILE**

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfar faireachán agus tuairisciú ar chur chun feidhme na mbeart faoi chuimsiú na sásraí tuairiscithe ginearálta a bunaíodh le Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013 agus (AE) Uimh. 223/2013.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Ní bhaineann le hábhar

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leis an modhnú atá beartaithe ar thogra ón gCoimisiún an 23 Márta 2022, déantar foráil maidir le costas aonaid nua a chruthú chun tacú leis na bearta lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin imirce arb é ionradh míleata Chónaidhm na Rúise is cúis leo.

## Togra leasaithe le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE****lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 a mhéid a bhaineann le réamh-mhaoiniú méadaithe ó acmhainní REACT-EU**

Leasaítear togra COM(2022) 145 ón gCoimisiún mar a leanas:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 a mhéid a bhaineann le réamh-mhaoiniú méadaithe ó acmhainní REACT-EU agus costas aonaid a shuí’

- (2) cuirtear isteach an aithris (5a) seo a leanas:

‘Thairis sin, d’fhonn úsáid Chistí Struchtúrtha agus Infheistíochta na hEorpa a shimpliú agus an t-ualach riaracháin ar údaráis riaracháin na mBallstát agus ar thairbhíthe a laghdú i gcomhthéacs aghaidh a thabhairt ar na dúshláin imirce arb é ionradh míleata Chónaidhm na Rúise is cúis leo, ba cheart costas aonaid a shuí. Ba cheart, leis an gcostas aonaid sin, maoiniú bhunriachtanais agus tacaíocht na ndaoine a dtugtar cosaint shealadach nó cosaint leordhóthanach eile dóibh faoin dlí náisiúnta i gcomhréir le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382<sup>1</sup> agus Treoir 2001/55/CE ón gComhairle<sup>2</sup> a éascú i ngach Ballstát ina bhfuil an duine sin i láthair le linn na 13 seachtaine ó tháinig siad isteach san Aontas Eorpach. I gcomhréir le togra ‘Gníomhaíocht Chomhtháthaithe do Dhídeanaithe san Eoraip’ (CARE) ón gCoimisiún an 8 Márta 2022, féadfaidh na Ballstáit an costas aonaid sin a chur i bhfeidhm agus úsáid á baint acu as an bhféidearthacht dá bhforáiltear in [Airteagal 98(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013] oibríochtaí den sórt sin arna ndéanamh ag CFRE a mhaoiniú ar bhonn na rialacha is infheidhme maidir le CSE, lena n-áirítear nuair a bhíonn baint aige sin le hacmhainní REACT-EU. Agus leas á bhaint acu as an gcostas aonaid, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na socrúithe is gá i bhfeidhm acu chun maoiniú dúbailte na gcostas céanna a sheachaint.’

- (3) in Airteagal 1, cuirtear an pointe seo a leanas isteach roimh phointe (1):

‘(1) cuirtear an tAirteagal 68c seo a leanas isteach:

*Airteagal 68c*

**Costas aonaid le haghaidh oibríochtaí lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin imirce arb é ionradh míleata Chónaidhm na Rúise is cúis leo**

<sup>1</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle an 4 Márta 2022 lena mbunaítear gurb ann d’insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE, agus a bhfuil d’éifeacht aige cosaint shealadach a thabhairt isteach, IO L 71, 4.3.2022, lgh. 1-6

<sup>2</sup> Treoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeáin iosta chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás insreabhadh ollmhór daoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht iarrachtaí chun cinn idir na Ballstáit a bhfuil na daoine sin a ghlacadh isteach acu agus na hiarmhairtí lena mbaineann sin (IO L 212, 7.8.2001, lch. 12).

Chun oibríochtaí lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin imirce arb é ionradh míleata Chónaidhm na Rúise is cúis leo a chur chun feidhme, féadfaidh na Ballstáit a áireamh sa chaiteachas arna dhearbú in iarratais ar íocaíocht costas aonaid atá nasctha le bunriachtanais agus tacaíocht na ndaoine a dtugtar cosaint shealadach nó cosaint leordhóthanach eile dóibh faoin dlí náisiúnta i gcomhréir le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle agus Treoir 2001/55/CE ón gComhairle. EUR 40 in aghaidh na seachtaine a bheidh sa chostas aonaid sin le haghaidh gach seachtain iomlán nó seachtain pháirteach a chaithfidh an duine sin sa Bhallstát lena mbaineann. Féadfar an costas aonaid a úsáid ar feadh 13 seachtaine ar a mhéad san iomlán, ag tosú ón dáta a thagann an duine isteach san Aontas.

Measfar i leith na suimeanna arna ríomh ar an mbonn sin gur tacaíocht phoiblí arna híoc leis na tairbhíthe iad agus gur caiteachas incháilithe chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm iad.’

(4) in Airteagal 1, déantar pointe (2) de phointe (1) agus déantar pointe (3) de phointe (2);

(5) in Airteagal 1, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘(4) in Airteagal 131, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

2. An caiteachas incháilithe a áireofar in iarratas ar íocaíocht, cuirfear sonraisc admhaithe nó doiciméid chuntasaíochta de luach coibhéiseach cruthúnais leis mar thacaíocht, cé is moite de chineálacha tacaíochta dá dtagraítear i bpointí (b) go (e) den chéad fhomhír d’Airteagal 67(1), Airteagail 68, 68a, 68b agus 68c, Airteagal 69(1) agus Airteagal 109 den Rialachán seo agus in Airteagal 14 de Rialachán CSE. I gcás na gcineálacha tacaíochta sin, is ionann na méideanna a áireofar san iarratas ar íocaíocht agus na costais arna ríomh ar an mbonn is infheidhme.’

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa  
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle  
An tUachtarán*